Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**9620/18**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0203 (COD)**

**JUSTCIV 132**
**EJUSTICE 65**
**COMER 50**
**CODEC 931**
**IA 166**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 284 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir chúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 284 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 284 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2018
SWD(2018) 284 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir chúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála**

{COM(2018) 378 final} - {SEC(2018) 271 final} - {SWD(2018) 285 final}

## Achoimre Feidhmiúcháin

**Measúnú tionchair ar**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir chúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála**

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Sa Rialachán seo, bunaítear córas ar fud an Aontais Eorpaigh le hiarrataí i leith ghlacadh agus forghníomhú fianaise idir cúirteanna a tharchur go díreach agus go tapa in ábhair shibhialta agus in ábhair thráchtála. Leagtar síos ann freisin critéir bheachta maidir le foirm agus le hinneachar iarrataí den chineál sin. Thar aon ní, cuireadh an Rialachán in ionad an chórais amscaí a d'úsáideadh na Ballstáit faoi Choinbhinsiún na Háige, agus córas nua-aoiseach éifeachtach ar bun leis don déileáil dhíreach idir cúirteanna (tarchur na n-iarrataí agus aththarchur na fianaise a glacadh). I láthair na huaire, bíonn impleachtaí trasteorann gach bliain ag timpeall 3.4 milliún d'imeachtaí cúirte sibhialta agus tráchtála san Aontas. I gcásanna go leor díobh sin, is rud fíorthábhachtach atá i nglacadh na fianaise le haghaidh dea-riar an chirt.

I láthair na huaire, is beag teagmháil idir na heagraíochtaí a ainmnítear sa Rialachán ach ar pháipéar, rud a mbíonn drochshliocht air ó thaobh costas agus éifeachtachta de. Rud eile, is annamh a úsáidtear físchomhdháil le héisteacht le daoine i mBallstát eile. Is é rud a dtugann an tionscnamh seo aghaidh air an gá leis an reachtaíocht a nuashonrú agus leis an nuatheicneolaíocht a úsáid i nglacadh fianaise trasteorann. San am céanna, féachfaidh sé le roinnt bearnaí sa Rialachán a líonadh, bearnaí a tugadh chun follais sa mheastóireacht ar a fheidhmiú. Tagann trí phríomhghrúpa fadhbanna i gceist de bharr na mbearnaí sin:

- an mhoill agus an costas a chuirtear ar shaoránaigh, ar ghnólachtaí, agus ar Bhallstáit;

na heasnaimh atá ann i gcosaint na gceart sna nósanna imeachta; agus

- an chastacht agus an éiginnteacht dhlíthiúil.

Ar rud amháin faoin tríú pointe tá an éiginnteacht a bhaineann le roinnt téarmaí bunúsacha atá gan sainmhíniú faoin Rialachán, agus an easpa soiléire is sliocht ar stádas roghnach an Rialacháin ó tharla an dlí náisiúnta ar aon údarás leis.

Na páirtithe leasmhara atá faoi éifeacht, is saoránaigh agus gnólachtaí iad, mar pháirtithe in imeachtaí dlíthiúla, mar aon le húdaráis phoiblí, údaráis bhreithiúnacha, agus aos dlí (go mór mór breithimh agus dlíodóirí).

Tá dlúthcheangal idir an tionscnamh seo agus an tionscnamh maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála (seirbheáil doiciméad), faoi mar a rialaítear i Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007. Tá an dá thionscnamh fite fuaite ina chéile i dtosaíocht mhór an digitithe agus an ríomhcheartais sa Choimisiún, agus leanann siad treo na oibre atá á déanamh bord ar bhord léi i réimse an cheartais choiriúil (an Ríomhfhianaise) d'fhonn cothrom an chirt a bheith ag na páirtithe i réimsí an cheartais choiriúil agus an cheartais shibhialta araon. Is iad aschur agus caighdeáin dhlíthiúla AE de chineál e-CODEX agus Rialachán eIDAS an bonn atá fúthu le tógáil air, agus an dá rud a théann chun tairbhe dóibh.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is éard is aidhm don togra seo feabhas a chur ar an bhfeidhmiú rianúil i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, agus i réimse an mhargaidh inmheánaigh. Déanfar seo ach cur le héifeachtúlacht agus le luas na n-imeachtaí breithiúnacha, agus dea-riar an chirt a áirithiú i gcásanna a ngabhann impleachtaí trasteorann leo. Thar aon ní, is tríd an dlí a chur in oiriúint don fhorbairt theicniúil a bhainfidh an tionscnamh an sprioc seo amach, agus trí shochar a bhaint as an digitiú agus as áis na físchomhdhála. Méadófar an chinnteacht dhlíthiúil de bharr an tionscnaimh de bharr soiléiriú faoi na nithe seo a leanas: (1) bunchoincheapa áirithe agus (2) an gaol idir an Rialachán agus dlíthe náisiúnta. Dá bhrí sin is lúide moill agus costas míchuí don saoránach é, do ghnólachtaí agus don riarachán poiblí, agus tugann sé aghaidh ar na heasnaimh atá ann i gcosaint chearta na ngníomhaithe sna nósanna imeachta.

| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéantar ar leibhéal an Aontais?** |
|---|
| Is léir breisluach a bheith leis an tionscnamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, mar cuirfidh sé le héifeachtúlacht agus le luas na n-imeachtaí breithiúnacha trí na saoráidí comhair atá ann don ghlacadh fianaise a shimpliú agus a bhrostú. Cuirfidh seo feabhas ar riar an chirt i gcásanna a ngabhann impleachtaí trasteorann leo. De bharr a chineáil ní féidir an comhar idir Ballstáit um ghlacadh fianaise trasteorann a rialú go héifeachtach ar leibhéal gach Ballstáit faoi seach. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Cuireadh réimse roghanna i gcás, idir ghníomhú neamhdhlíthiúil agus ghníomhú dlíthiúil a raibh leibhéil éagsúla uaillmhéine iontu.<br><br>Is é is rogha thosaíochta díobh pacáiste beartais a bhfuil bearta éagsúla i gceist leis:<br><br>- CEF eDelivery (e-CODEX) a úsáid mar mhodh réamhshocraithe don mhalartú doiciméad agus don chumarsáid leictreonach;<br><br>- modhanna nua-aoiseacha a chur chun cinn i dtógáil fianaise (e.g. ar físchomhdháil, comhdháil trí ghutháin, agus modhanna eile cianchumarsáide) mar chur chuige réamhshocraithe más gá éisteacht le duine ó Bhallstát eile, ach an tsolúbthacht chuí a chur san áireamh ó thús (trí eisceachtaí féideartha de réir mar a bheidh trealamh ar fáil sa chúirt *inter alia*) agus dreasachtaí (i maoiniú tionscadal náisiúnta) do Bhallstáit le háiseanna físchomhdhála a chur sna cúirteanna ;<br><br>- deireadh a chur leis na baic dhlíthiúla atá ann chun fianaise a ghlacadh go leictreonach (go digiteach);<br><br>- méadú a chur ar an gcinnteacht dhlíthiúil trí mhodhanna breise a chur san áireamh sa Rialachán don tógáil fianaise trasteorann, rud a úsáidtear go minic feasta lasmuigh dá raon feidhme, lena n-áirítear fianaise a thógfadh oifigigh thaidhleoireachta nó gníomhairí consail;<br><br>- dul i ngleic le tuiscintí éagsúla ar an téarma ‘cúirt’ agus sainmhíniú ginearálta ar ‘údarás breithiúnach’ a chur ina ionad’;<br><br>– fios a thabhairt faoi thábhacht na gcaighdeán aonfhoirmeach atá ar fáil sa Rialachán (nósanna imeachta cuíchóirithe, caighdeán cosanta cothrom do chearta na bpáirtithe lena mbaineann);<br><br>- dea-chleachtais do na cúirteanna inniúla ionas go bhféadfaidh siad na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm mar is cuí gan mhoill a dhéanamh; agus<br><br>- a chur ar a súile agus ar a n-aire do lucht na gcúirteanna agus d’aos dlí go bhfuil bealach díreach ann chun fianaise a ghlacadh faoi scáth an Rialacháin. |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Ceistíodh na páirtithe leasmhara faoin mbaint a bhí acu le himeachtaí breithiúnacha trasteorann agus faoi na nithe is rogha leo. Tharla baint ag 73% díobh le himeachtaí breithiúnacha trasteorann, agus bhí Rialachán (CE) 1206/2001 curtha i bhfeidhm ag 20% díobh roimh an tráth a ceistíodh iad. Is éard a dúirt 65% díobh siúd a thug freagra le linn an chomhairliúcháin phoiblí gur mhór a thacaigh siad le húsáid modhanna nua-aoiseacha i nglacadh fianaise,nó gur dhócha dóibh tacú leis na modhanna sin, an fhíschomhdháil, cuir i gcás (seachas a ngairm i bpearsa do chúirt san iasacht). Is éard is dóigh leis an tromlach gurb í nós na físchomhdhála atá ag teacht i dtreis in imeachtaí trasteorann, agus dá bhrí sin ba cheart caighdeáin Eorpacha a dhréachtú lena áirithiú gur rud í ócáid na héisteachta a bheidh chomh cosúil leis an saol féin agus is féidir. Bhí tacaíocht ar leith ann don digitiú: Bhíothas ar aon intinn le chéile faoin gcumarsáid leictreonach a bheith ina réamhshocrú idir údaráis/gníomhaireachtaí a bhíonn ag plé le comhar trasteorann breithiúnach in ábhar sibhialta, mar díobh siúd a thug freagra d’aontaigh 61% leis an smaoineamh, agus bhí claonadh chun aontaithe i 39% díobh. Bhí tacaíocht mhór ann chomh maith do leathnú ar an sainmhíniú atá ar ‘cúirt’. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| |

An pacáiste beartais tosaíochta, bheadh méadú éifeachtúlachta agus méadú ar an gcinnteacht dhlíthiúil ann dá bharr, laghdódh sé an mhoill an bhíonn ann, agus laghdódh sé costais na bpáirtithe leasmhara atá luaite le cásanna ina dtógtar fianaise trasteorann. Rud is sonraí ná sin, na sásraí atá faoi scáth an Rialacháin, is mó éifeachtúlacht a bheadh leo ach dul i muinín na cumarsáide leictreonaí agus na físchomhdhála. Meastar go gcuirfear le héifeachtúlacht na nósanna imeachta agus go laghdófar costais de bharr na hinfheistíochta sa bhonneagar teicniúil. Chuirfeadh líon áirithe soiléirithe agus aguisíní leis an gcinnteacht dhlíthiúil (e.g. sainmhíniú ar bhealaí breise chun fianaise a thógáil, mar aon le soiléiriú ar choincheap an ruda is 'cúirt' ann agus 'tógáil fianaise'), faoi mar a dhéanfadh ábhar nua méadaithe feasachta agus ábhar nua treorach chomh maith. D'fheabhsódh éifeachtúlacht na nósanna imeachtaí breithiúnacha, rud a laghdódh an t-ualach ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí. Is cúnamh chun laghdú moille a bheadh i soiléiriú, i mbreis treorach, agus i méadú feasachta. Chuirfeadh an beart feabhas ar an rochtain ar cheartas agus ar chosaint chearta na bpáirtithe, trí laghdú moille ar rud amháin, agus rud eile de bharr go meastar go gcuirfidh sé le líon na gcásanna ina gcuirfear an Rialachán i bhfeidhm. Meastar i gcoitinne go rachaidh an pacáiste chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, go mór mór i bhfoirm tairbhe neamhairgeadaíochta, breis rochtana ar cheartas, saoirse rogha (an modh tógála fianaise trasteorann is fearr a oireann dóibh a roghnú), agus laghdú ar an strus a ghabhann le himeachtaí dlíthiúla.

**Cad iad costais an chéad rogha (más ann dóibh, nó murab ann, costais na chéad roghanna eile)?**

Meastar go mbeidh tairbhe sa phacáiste beartais do shaoránaigh agus do ghnólachtaí atá luaite le himeachtaí trasteorann. Dá mbeadh tuilleadh cinnteachta dlíthiúla ann, agus nósanna imeachta níba thapa ar chostas laghdaithe, is spreagadh a bheadh ann do shaoránaigh agus do ghnólachtaí le dul i mbun idirbhearta trasteorann, agus dá réir sin spreagfaí gnó trasteorann agus d'fheabhsófaí feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Chuirfeadh e-CODEX agus modh na físchomhdhála roinnt costas ar na Ballstáit, ach ní tharlódh sin ach aon uair amháin, áit ar rud leanúnach atá sa sochar agus sa tairbhe a mbeadh laghdú costas de thoradh orthu (e.g. is lú costas éisteacht le finné ar físchomhdháil ná i bpearsa). Ina theannta sin, na costais a ghabhann leis an Rialachán seo go sonrach, laghdófar iad de bharr méadú ar an digitiú sa chóras breithiúnach trí chéile. Ar an mórchóir, ba mhó i bhfad an sochar agus na tairbhe ná na costais. Bheadh tairbhe sna feabhsuithe do ghnólachtaí agus iad páirteach sna himeachtaí breithiúnacha; is rud neodrach go leor a bheadh in éifeachtaí eile a thiocfadh i gceist.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

An pacáiste beartais is rogha thosaíochta díobh, rachadh sé chun tairbhe do ghnólachtaí a bhíonn ag plé le himeachtaí dlíthiúla trasteorann, agus bheadh breis cinnteachta dlíthiúla ann maidir le dea-fheidhmiú imeachtaí trasteorann, agus imeachtaí níos tapa ar chostas ní ba lú. Gnólachtaí a bhíonn ag plé le cineálacha gnó a bhaineann le tógáil fianaise, b'fhéidir go mbeidh a gcuid ioncaim anonn agus anall idir cineálacha éagsúla gnó: Is é is dócha go rachaidh seo chun sochair do lucht soláthair seirbhísí comhairle TF, agus do lucht soláthair idirlín agus teileachumarsáide, agus is dócha go mbeadh laghdú éilimh ar chumarsáid phostais má chuirtear an chumarsáid leictreonach ina háit. Meastar gur rud neodrach a bheidh sa tionchar eacnamaíoch ar lucht soláthair seirbhísí tríd agus tríd, nó meastar go mbeidh an dea-thionchar agus an drochthionchar ar aon tábhacht le chéile, ach beidh méadú éifeachtúlachta sna nósanna imeachta féin.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ní chuirfidh an pacáiste molta costais mhóra ar riaracháin náisiúnta, agus bheadh sábháil airgid ann dá bharr san am céanna. Meastar go mbainfidh Ballstáit tairbhe as costais laghdaithe i dtaca le seirbhísí poist, as an am a shábhálfar de bharr imeachtaí dlíthiúla níos éifeachtaí, agus as ualaí riaracháin laghdaithe agus costais saothair laghdaithe. Bheadh roinnt costais ag gabháil le e-CODEX a thabhairt isteach, agus le heagrú físchomhdhálacha, agus le modhanna eile cianchumarsáide, ach bheadh laghdú costais ann ó thaobh seirbhísí poist sa todhchaí. Ina theannta sin, roinnfí cuid de na costais idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit e.g. trí chómhaoiniú.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Bheadh tionchar deimhneach ag an bpacáiste atá beartaithe ar an gcomhar breithiúnach, agus d'fheabhsódh sé an mhuinín atá ag Ballstáit as a chéile. Tríd an ríomhcheartas, sholáthródh sé eolas ar na modhanna agus ar na costais ábhartha le nósanna imeachta trasteorann tapa agus éifeachtach a áirithiú i nglacadh fianaise. D'fheabhsódh sé an chinnteacht dhlíthiúil agus an rochtain ar cheartas trí chearta nós imeachta na bpáirtithe a fheabhsú. Rud eile, dhéanfadh sé freastal ar an riachtanas atá ann chun an riarachán poiblí a nuachóiriú (na cúirteanna san áireamh), chun idir-inoibritheacht trasteorann agus idirghníomhaíocht le saoránaigh a éascú i

| |
|---|
| gcomhréir le straitéis an mhargaidh aonair dhigiteach agus leis an straitéis ríomhrialtais. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Tionchar an tionscnaimh atá beartaithe, déanfar é a mheas i dtuarascáil a dhréachtóidh an Coimisiún 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na hionstraime leasaithe. |